Allianz

# Pupil Personal Accident Insurance Application Form 2014/2015

## Option B - Specified Pupils

**As Ireland's leading schools insurer Allianz offers a Pupil Personal Accident Policy designed specifically for Pupils and their Parents / Guardians.** Our Policy provides the highest Medical and Dental Expense Benefits along with the Broadest Cover available in Ireland. Information correct at 1st May 2014.

A 30% reduction off the standard rates indicated below is available when cover is arranged online. The School would like to ask you to remit an amount equivalent to the relevant standard premium and allow them to retain an amount equivalent to the 30% reduction as a contribution towards School funds. If you are not happy to proceed on this basis please remit the amount shown less 30% to the School along with the attached application form.

### Testimonial

*"Both the school and parents are very happy with the excellent service Allianz provides. Last month, for example a pupil chipped his tooth and the expenses incurred by the respective family were covered by Allianz. It was a trouble free exercise."*
Barefield Ns, Ennis, Co Clare. 1st August 2013.

## Summary of Cover

*This summary is only intended as a guide to Policy cover and exclusions. The Policy is issued to the School and contains precise details of cover and all applicable terms, conditions and exclusions. A copy of the policy is available from the School*

Option B - Specified Pupils Only

- School activities (including direct travel to and from such activities)..........cost per child is €6.00.
- 24 hour cover 365 days a year for school activities, social, domestic and leisure activities (including school holidays)..........cost per child is €9.00.

## Cover

The following are payable benefits in respect of any pupil sustaining accidental bodily Injury (i.e. Bodily Injury caused solely by accidental violent external and visible means) resulting in medical or dental expenses, disablement or death.

## Schedule of Benefits

| | |
|---|---|
| Death by Accident | €30,000 |
| Permanent total loss of sight in one eye or use of one limb | €100,000 |
| Permanent total loss of sight in both eyes or use of both limbs | €150,000 |
| Permanent total disablement | €200,000 |
| Total and irrecoverable loss of hearing in one ear | €40,000 |
| Total and irrecoverable loss of hearing in both ears | €100,000 |
| Medical expenses (including ambulance hire) not recoverable from any other source | up to a limit of €50,000 |
| Dental expenses not recoverable from any other source | up to a limit of €50,000 |
| Loss of Speech | €40,000 |
| Hospital confinement payable per complete day (24 hour period) which shall continue whilst confined but not beyond 90 days from the day on which the Insured Person was first confined | €20 |

## Insured Persons

All pupils of the school who have opted to join the Schools Group Personal Accident Cover.

## Age Limits

Lower Age Limit – 2 years 6 months. Upper Age Limit – 22 years

## Operative Time (in accordance with the option selected)

- During any school activity taking place with the full knowledge and authority of the School and including direct travel to and from such activities;
  **OR**
- 24 hour cover including social, domestic and leisure, as well as school activities.

## Claims Condition

Any Accidents likely to give rise to a claim under this Policy written notice should be given to the Company as soon as possible and in any event within 730 days (2 years) after the date of the occurrence.

## Health Condition

The insurance shall not apply in respect of any claim arising out of a pre-existing physical defect, infirmity or medical condition.

## General Exclusions

1. Whilst the pupil is engaged in (or practising/training for) any of the excluded activities.
2. The pupil committing or attempting to commit suicide, wilful exposure to needless peril (except in an attempt to save human life) or any involvement in a criminal act.
3. The pupil being intoxicated or having taken any drug (other than prescribed).
4. The pupil's employment (other than school work experience programmes).

## Excluded Activities

Aqua-Lung diving, Flying (except as a passenger), Motor Racing , Parachuting , Hang Gliding, Horse/Pony Racing/Jumping (unless in connection with school activities), Rock climbing or Mountaineering using ropes and/or guides, Pot-holing , ice-hockey, the use of Skeletons, Bobsleighs, White Water Rafting.

## Contact details:

Pupil Personal Accident Helpline: 01- 6133900
Claims Team: 01- 613 3559
E-mail address: pupilpersonalaccident@allianz.ie

Pupil Personal Accident Policy Wording and Claims forms are available at www.allianz.ie/schools

Allianz

VHI Swiftcare Clinic information can be found at www.vhi.ie/swiftcare/

Vhi SwiftCare Clinics

## Application Form for School Group Policy

By providing your information, you consent to the use of your information as outlined in our Allianz Data Protection Statement which includes processing for insurance administration and claims handling . For full details visit www.allianz.ie/schools.

Which option do you require: School Activities only (€6.00 per pupil) ☐ or 24 hour basis (€9.00 per pupil) ☐

Name of Pupil (in full) ____________________

School class/year ____________________

Name of School ____________________

Signature of parent/guardian ____________________ Date ___ / ___ / ______

***Cheques should be made payable to the School***

Allianz

# Foirm Iarratais um Árachas Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí 2014/2015

## Rogha B - Daltaí Sonraithe

**Cuireann Allianz, príomhárachóir scoileanna na hÉireann, Polasaí Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí ar fáil a dearadh go speisialta do dhaltaí agus dá dTuismitheoirí / dá gCaomhnóirí.** Cuirtear na Sochair Costais Sláinte agus Fiaclóireachta is airde agus an Clúdach is Leithne in Éirinn ar fáil inár bPolasaí. An fhaisnéis ceart amhail 1 Bealtaine 2014.

Tá lascaine 30% ar na rátaí caighdeánacha thíos ar fáil nuair a shocraítear an clúdach ar líne. Ba mhaith leis an Scoil iarraidh ort méid atá comhionann leis an bpréimh chaighdeánach ábhartha a sheoladh isteach agus cead a thabhairt dóibh méid atá comhionann leis an lascaine 30% a choinneáil mar ranníocaíocht i dtreo chistí na Scoile. Mura bhfuil tú sásta leanúint ar aghaidh ar an mbunús sin, seol an méid a thaispeántar lúide 30% chuig an Scoil in éineacht leis an bhfoirm iarratais faoi iamh.

### Teistiméireacht

*"Tá an scoil agus na tuismitheoirí an-sásta leis an tseirbhís den scoth a chuireann Allianz ar fáil. An mhí seo caite, mar shampla, bhris dalta píosa dá fhiacail agus d'íoc Allianz as na costais ar fad a bhí ar a mhuintir. Ní raibh deacracht ar bith acu leis."*
Scoil Náisiúnta Ghort Lomán, Inis, Co. an Chláir.
1 Lúnasa 2013.

## Achoimre ar an gClúdach

*Is treoir faoi chlúdach agus faoi eisiaimh an Pholasaí amháin atá san achoimre seo. Eisítear an Polasaí don Scoil agus bíonn sonraí beachta ann faoin gclúdach agus faoi na téarmaí, na coinníollacha agus na heisiaimh go léir a bhaineann leis. Tá cóip den Pholasaí ar fáil ón Scoil.*

Rogha B - Daltaí Sonraithe Amháin

- Gníomhaíochtaí scoile (lena n-áirítear taisteal díreach chuig na gníomhaíochtaí sin agus ar ais uathu)..............................costas €6.00 in aghaidh an linbh.
- Clúdach 24 uair an chloig 365 lá sa bhliain do ghníomhaíochtaí scoile, sóisialta, baile agus fóillíochta (lena n-áirítear laethanta saoire scoile)..............................costas €9.00 in aghaidh an linbh.

## Clúdach

Seo a leanas na sochair iníoctha i ndáil le dalta ar bith lena mbaineann gortú coirp tionóisceach (.i. Gortú Coirp mar thoradh ar mhodhanna seachtracha foréigneacha tionóisceacha atá sofheicthe agus orthu sin amháin) a mbíonn costais leighis nó fiaclóireachta, míchumas nó bás mar thoradh air.

## Sceideal na Sochar

| | |
|---|---|
| Bás Tionóisceach | €30,000 |
| Amharc i súil amháin nó úsáid ghéige amháin a chailleadh go hiomlán agus go buan | €100,000 |
| Amharc sa dá shúil nó úsáid an dá ghéag a chailleadh go hiomlán agus go buan | €150,000 |
| Míchumas iomlán buan | €200,000 |
| Caillteanas éisteachta iomlán i gcluas amháin nach féidir a leigheas | €40,000 |
| Caillteanas éisteachta iomlán sa dá chluas nach féidir a leigheas | €100,000 |
| Costais leighis (lena n-áirítear fruiliú otharchairr) nach bhfuil in-aisghabhála ó aon fhoinse eile | suas go dtí teorainn €50,000 |
| Costais fiaclóireachta nach bhfuil in-aisghabhála ó aon fhoinse eile | suas go dtí teorainn €50,000 |
| Caillteanas Urlabhra | €40,000 |
| Tréimhse san ospidéal iníoctha in aghaidh an lae iomláin (tréimhse 24 uair) don tréimhse a choinnítear an duine san ospidéal ach nach leanfaidh os cionn 90 lá ón gcéad lá a d'fhan an tArachaí san ospidéal | €20 |

## Árachaithe

Gach dalta de chuid na scoile a roghnaigh an Clúdach Grúpa Tionóisce Pearsanta do Scoileanna a fháil.

## Gníomhaíochtaí Eisiata

Tumadóireacht uathscamhóige, Eitilt (seachas mar phaisinéir), Rásaíocht Charranna, Paraisiútáil, Faoileoireacht Foluana, Rásaíocht/Léimneach Capall/Pónaí (seachas mar chuid de ghníomhaíochtaí scoile), Ailleadóireacht nó Sléibhteoireacht ag úsáid rópaí agus nó treoraithe, uaimheadóireacht, haca oighir, úsáid a bhaint as Cnámharlaigh, Bobshleamhnáin, Raftú Bánuisce.

## Aoisteorainneacha

Aoisteorainn Íosta – 2 bhliain 6 mhí. Aoisteorainn Uasta – 22 bliain

## Amanna Feidhme (de réir na rogha a rinneadh)

- I rith aon ghníomhaíochta scoile atá ar siúl le heolas agus faoi údarás iomlán na Scoile agus n-áirítear taisteal díreach chuig na gníomhaíochtaí sin agus ar ais uathu;
  **NÓ**
- clúdach 24 uair an chloig, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sóisialta, baile agus fóillíochta, mar aon le gníomhaíochtaí scoile.

## Coinníoll an Árachais

Ba chóir eolas faoi Thionóisc ar bith a d'fhéadfadh a bheith ina cúis éilimh a chur in iúl trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chuideachta laistigh de 730 lá (2 bhliain) de dháta na tionóisce.

## Riocht Sláinte

Ní bheidh an t-árachas infheidhme i ndáil le haon éileamh ag eascairt as riocht sláinte, éiglíocht nó éalaing réamhbheitheach.

## Eisiaimh Ghinearálta

1. Fad atá páirt á glacadh ag an dalta in aon cheann de na gníomhaíochtaí eisiata (nó fad is atá sé/sí ag cleachtadh/traenáil ina gcomhair).
2. Féinmharú nó iarracht féinmharú á dhéanamh ag an dalta, dul i mbaol gan ghá d'aon turas seachas in iarracht saol duine a shábháil nó mar thoradh ar rannpháirtíocht i ngníomh coiriúil.
3. An dalta a bheith ar meisce nó druga ar bith a bheith tógtha aige nó aici (seachas druga ordaithe).
4. Fostaíocht an dalta (seachas cláir taithí oibre na scoile).

## Sonraí teagmhála:

Líne Chabhrach Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí:
01- 613 3900
Foireann na nÉileamh: 01- 613 3559
Seoladh ríomhphoist: pupilpersonalaccident@allianz.ie

Tá foirmeacha Éileamh agus Foclaíocht an Pholasaí Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí ar fáil ag www.allianz.ie/schools

Allianz

Tá faisnéis maidir le VHI Swiftcare Clinic le fáil ag www.vhi.ie/swiftcare/

Vhi SwiftCare Clinics

---

## Foirm Iarratais don Pholasaí Grúpa do Scoileanna

Nuair a thugann tú d'fhaisnéis dúinn, toilíonn tú le húsáid d'fhaisnéise mar atá sonraithe i Ráiteas Cosanta Sonraí Allianz dár gcuid, lena n-áirítear próiseáil le haghaidh riarachán árachais agus láimhseáil éileamh. Tá na sonraí ar fad ar fáil ar www.allianz.ie/schools.

Cé acu rogha atá de dhíth: Gníomhaíochtaí scoile amháin (€6.00 in aghaidh an dalta) ☐ nó bunús 24 uair an chloig (€9.00 in aghaidh an dalta) ☐

Ainm an Dalta (ina iomláine) ____________________

Rang/bliain scoile ____________________

Ainm na Scoile ____________________

Síniú an tuismitheora/an chaomhnóra ____________________ Dáta ____ / ____ / ____

***Ba cheart seiceanna a bheith iníoctha leis an Scoil***

Tá Allianz p.l.c. arna rialú ag Banc Ceannais na hÉireann. Féadfar glaonna a thaifeadadh. Baineann téarmaí agus coinníollacha leis seo.